



Fáilte chuig Cásleabhar an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Tá rún daingean ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) tacú le Comhlachtaí Poiblí an cleachtas earcaíochta is fearr a sholáthar.

I dtaca leis sin, is mian leis aird cleachtóirí earcaíochta sa tSeirbhís Phoiblí a tharraingt ar roinnt Cás-Staidéar. Leagtar amach sna Cás-Staidéir sin an cur chuige a ghlacann CCSP agus scrúdú á dhéanamh aige ar na gearáin is coitianta a fhaigheann sé.

Is iad seo na príomhthéamaí a eascraíonn as gearáin a fhaightear ó iarrthóirí maidir leis an dóigh ar réachtáladh próisis roghnúcháin agus cheapacháin:

a. Oiliúint.....	2
b. Baill de bhoird agallaimh a roghnú.....	5
c. Baint a bhainistiú.....	6
d. Gearrliostú a bhainistiú.....	10
e. Breithiúnas agus cinnteoireacht.....	14
f. Aiseolas a sholáthar d'iarrthóirí.....	15
g. Teistiméireachtaí a sheiceáil.....	17

Ní hé amháin go bhfuil súil ag CCSP go dtabharfar eolas do chleachtóirí earcaíochta maidir leis an dóigh a mbainistíonn siad gearáin agus iarrataí ar athbhreithniú ó iarrthóirí nár éirigh leo leis an treoir a thugtar sna Cás-Staidéir, ach tá súil aige go dtabharfar eolas léi freisin don chur chuige a ghlacann siad i leith próisis roghnúcháin agus cheapacháin a bhainistiú agus a réachtáil.

Tá na Cás-Staidéir sin ar fáil freisin ar shuíomh Gréasáin CCSP ag www.cpsa.ie.

Cuirfidh CCSP leis na Cás-Staidéir sin ar bhonn leanúnach.

Andrew Patterson

Rúnaí do CCSP

a. Oiliúint do chleachtóirí earcaíochta

Leagtar amach sa Chód Cleachtais an t-ionchas atá ag CCSP:

- Go dtuigeann gach cleachtóir roghnúcháin an ról atá acu go hiomlán agus gur acusan atá na scileanna a theastaíonn chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.
- Go soláthraítear oiliúint ar bhonn tráthúil agus go bhfuil an oiliúint oiriúnach don phróiseas measúnachta ar leith atá á chur i bhfeidhm.
- Nach mbíonn na teicnící roghnúcháin roghnaithe in úsáid ach amháin ag daoine aonair a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu, a bhfuil oiliúint cheart faighte acu sna teicnící sin a riar, a scóráil agus a léirmhíniú, agus atá cáilithe trialacha atá bailí chun críche ar leith a roghnú.
- Go soláthrófar oiliúint maidir le feasacht ar mhíchumas de réir mar is cuí.
- Go bpléitear le struchtúr an phróisis agus le comhthéacs an cheapacháin, lena n-áirítear reachtaíocht reatha agus reachtaíocht atá le teacht i bhfeidhm, nuair atá oiliúint á soláthar.
- Go ndéantar faireachán agus meastóireacht ar a éifeachtaí atá an oiliúint agus go ndéantar beart leantach ar bhonn leanúnach.

Le linn dó próisis cheapacháin a scrúdú, iarrann CCSP faisnéis mhionsonraithe go rialta faoi na cáilíochtaí atá ag cleachtóirí earcaíochta agus faoin oiliúint a cuireadh orthu. Rud ba thábhachtaí fós, féachann sé lena dheimhniú go raibh fianaise ar cháilíochtaí agus ar oiliúint le feiceáil i réachtáil an phróisis mheasúnachta iarrthóirí.

I roinnt cásanna, fuair an Coimisiún go bhféadfaí na neamhrialtachtaí a thug sé faoi deara i réachtáil na n-agallamh a sheachaint dá mba rud é gur cuireadh oiliúint ábhartha ar fáil le déanaí do na baill den bhord. Thug sé faoi deara freisin go raibh baill de bhoird roghnúcháin ag brath ar oiliúint a fuair siad agus/nó ar thaithí agallóireachta a ghnóthaigh siad cúig bliana nó níos mó ó shin.

I gcásanna eile, leag na hEagraíochtaí is Earcaitheoirí amach gur chuir siad gearroiliúint “athnuachana” ar bhaill de bhoird agallaimh. Bunaithe ar an dóigh ar réachtáladh an próiseas roghnúcháin, chuir CCSP imní in iúl gurbh fhéidir nár leor an oiliúint sin. Cé go mbíonn oiliúint athnuachana an-chabhrach go minic maidir leis na gnéithe praiticiúla den phróiseas agallaimh a chur i gcuimhne do bhaill de bhoird agallaimh, mar shampla,

- an ról atá ag an gcathaoirleach agus atá ag na baill eile den bhord,
- critéir roghnúcháin a chur i bhfeidhm,
- scéimeanna marcála a úsáid,
- táscairí ar dhea-fheidhmíocht agus ar dhrochfheidhmíocht ag iarrthóirí,
- an tábhacht a bhaineann le nótaí a scríobh,
- an ceanglas go gcaitear le hiarrthóirí ar bhealach cothrom, comhsheasmhach agus oibiachtúil agus nach ndéantar cinntí ach amháin nuair atá siad bunaithe ar an bhfaisnéis a chuirtear i láthair le linn an phróisis cheapacháin, agus

- an dualgas atá ar gach duine atá páirteach sa phróiseas roghnúcháin rúndacht na faisnéise a chuirtear ar fáil dóibh le linn an phróisis a chosaint, ní leor an oiliúint sin i gcónaí chun cur le scileanna na mball de bhoird maidir le hiarrthóirí a cheistiú nó meastóireacht a dhéanamh orthu.

Tá imní ar CCSP freisin nach leor na cúrsaí oiliúna “athnuachana” sin chun dul i ngleic le ceisteanna áirithe, mar shampla,

- an tábhacht a bhaineann le hullmhú ceart don agallamh,
- an claonadh barraíocht béime a chur ar an gcéad éachtaint a fhaigheann siad ar an iarrthóir, agus
- an claonadh neamhaird a thabhairt ar riachtanais oibiachtúla an róil agus iarrthóir a roghnú atá an-chosúil leis an mball den bhord nó le sealbhóir roimhe an phoist.

Molann CCSP go láidir go bhfaigheadh baill de bhoird agallaimh agus roghnúcháin oiliúint cheart iomlán ó shaineolaithe aitheanta ar bhealach tráthúil.

Oiliúint do dhaoine a riarann an próiseas roghnúcháin

Thug an Coimisiún faoi deara go ndearnadh earráidí sna cleachtais riaracháin atá taobh thiar de roinnt próisis roghnúcháin.

Measann sé go bhfuil na hearráidí sin ina léiriú ar dhrochleibhéal tuisceana ar an bpróiseas roghnúcháin ag na daoine sin a bhí páirteach sa phróiseas a riar. Anuas air sin, tá siad ina léiriú soiléir ar a thábhachtaí atá sé oiliúint chuí a chur ar na baill foirne san fhoireann earcaíochta.

I gcás amháin, scríobh an Eagraíocht is Earcaitheoir chuig iarrthóir chun cuireadh a thabhairt dó freastal ar agallamh. Cé gur fógraíodh dhá phost ar leith in dhá láthair dhifriúla, níor luadh ach ceann amháin de na poist sa litir a seoladh chuig an iarrthóir inar tugadh cuireadh dó freastal ar agallamh. D’fhreastail an t-iarrthóir ar an agallamh ach níor éirigh leis. Bhí sé ag súil go bhfaigheadh sé cuireadh freastal ar agallamh don dara post ach cuireadh in iúl dó ina dhiaidh sin go ndearnadh meastóireacht air don dá phost ag an agallamh tosaigh agus nach dtabharfaí cuireadh dó freastal ar agallamh eile. Fuair CCSP amach nár bhainistigh an Eagraíocht is Earcaitheoir ionchais an iarrthóra i gceart agus nár chomhlíon sí na caighdeáin arna leagan amach sa Chód Cleachtais.

I gcás eile, rinne iarrthóir ar shainphost teagmháil le CCSP chun gearán a dhéanamh gur bunaithe ar chritéir mhíchearta incháilitheachta a rinne an Eagraíocht is Earcaitheoir ceapachán chuig post. Dhearbhaigh an Coimisiún gurbh amhlaidh gurbh iad critéir incháilitheachta a bhí ceadaithe do phost i bhfospeisialtacht dhifriúil a chuir an Eagraíocht is Earcaitheoir i bhfeidhm agus nár chomhlíon an t-iarrthóir a roghnaíodh don phost na critéir fhoilsithe.

I gcás eile, tháinig iarrthóir ar an eolas gur cuireadh sonraí a iarratais ar fáil do dhuine nach raibh baint aige leis an bpróiseas roghnúcháin. Bhí léiriú láidir ann gur chualathas ball den fhoireann earcaíochta agus ball den bhord roghnúcháin ag labhairt faoi na hagallaimh earcaíochta i limistéar poiblí. Bhí an t-iarrthóir trína chéile, mar sin, nár ghlac an Eagraíocht is Earcaitheoir dóthain cúraim chun caitheamh lena rannpháirtíocht sa phróiseas roghnúcháin i modh rúin.

Chuir CCSP in iúl go raibh díomá air gur theip ar roinnt de na daoine a bhí freagrach as an bpróiseas roghnúcháin a riar sna cásanna sin iad féin a iompar ar bhealach gairmiúil, rud a bhí chun dochair do na hiarrthóirí lena bhain, agus go bhféadfadh a gcuid gníomhartha an bonn a bhaint ó chreidiúnacht an phróisis.

b. Baill de bhoird agallaimh a roghnú

Fuair CCSP gearáin faoin dóigh a rabhthas ag roghnú agus ag ullmhú ball de bhord roghnúcháin le haghaidh iarrthóirí ar ról sinsearach speisialaithe a mheas. Thionóil an Eagraíocht is Earcaitheoir bord roghnúcháin triúir a chuimsigh beirt bhall foirne shinsearacha agus saineolaí seachtrach amháin. Bhí imní ar na gearánaigh nach raibh an t-eolas, an taithí ná an oiliúint ag baill den bhord roghnúcháin le haghaidh measúnú eolach a dhéanamh ar na hiarrthóirí ar an bpost.

Chuir an Eagraíocht is Earcaitheoir faisnéis chúlra ar fáil do CCSP faoin mbeirt fhostaithe a roghnaigh sí le fónamh ar an mbord agallaimh agus thug sí achoimre ghairid ar an mball seachtrach den bhord roghnúcháin dó. Bunaithe ar an bhfaisnéis sin, bhí an Coimisiún sásta den chuid ba mhó gur thug an Eagraíocht is Earcaitheoir cúram agus aird a bhí cuí agus í ag roghnú ball den bhord roghnúcháin ag a bhfuil eolas críochnúil ar riachtanais an phoist. Bhí sé sásta freisin go ndearna an Eagraíocht is Earcaitheoir bearta cuí maidir le faisnéis a thabhairt do bhaill den bhord roghnúcháin faoin gcur chuige ba cheart a ghlacadh agus an próiseas roghnúcháin á reáchtáil acu.

Mar sin féin, thug an Coimisiún faoi deara gurbh amhlaidh, mar gheall ar chineál an-sinsearach speisialaithe an phoist, nach bhféadfadh ach líon an-bheag d'fhostaithe na hEagraíochta is Earcaitheoir suí ar an mbord agallaimh. Thug sé faoi deara freisin go raibh an bheirt bhall inmheánacha den bhord roghnúcháin ag an leibhéal céanna is a bhí an post a bhíodhas ag líonadh. Chuir an Coimisiún in iúl gurb amhlaidh, nuair is féidir, go dtarraingítear baill inmheánacha de bhoird roghnúcháin as na baill foirne atá ag fónamh ag grád amháin níos airde ná an post folamh. (Ar ndóigh, ní féidir an méid sin a dhéanamh i gcás boird roghnúcháin do na ról is sinsearaí in eagraíocht). Is amhlaidh sin mar gur féidir taithí ar dhaoine ag an ngrád atáthar ag líonadh a bhainistiú léargas suntasach a thabhairt do bhaill de bhoird ar riachtanais an ról.

Aithníonn CCSP go rachaidh Eagraíochtaí is Earcaitheoirí i ngleic le dúshlán maidir le baill inmheánacha de bhoird ag a bhfuil dóthain saineolais a fháil i leibhéal chomh sinsearach sin, go háirithe nuair atáthar ag líonadh post i réimsí an-speisialaithe. Sa chás seo, mhol sé go bhfiosródh an Eagraíocht is Earcaitheoir roghanna eile agus í ag roghnú ball de bhoird le haghaidh post den chineál céanna sa todhchaí, lena n-áirítear an meascán idir baill inmheánacha agus baill sheachtracha de bhoird a athrú.

c. Baint a bhainistiú idir iarrthóirí agus baill de bhoird roghnúcháin

Leagtar amach sa Chód Cleachtais an t-ionchas atá ag CCSP:

- Go bhfuil córais i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanann boird roghnúcháin an próiseas roghnúcháin ar bhealach cothrom, comhsheasmhach agus trédhearcach.
- Go dtuigeann gach cleachtóir roghnúcháin an ról atá acu go hiomlán agus gur acusan atá na scileanna a theastaíonn chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh.
- Go mbreithnítear saincheisteanna drochthionchair agus go dtugtar aghaidh orthu roimh fheachtais earcaíochta.

Go ndéanann iarrthóirí teagmháil le CCSP ó am go chéile mar go gcreideann siad gur cheart do bhall de bhord roghnúcháin é/í féin a bhaint den bhord ar an mbonn go bhfuil aithne acu ar iarrthóirí áirithe nó go bhfuil caidreamh oibre acu le hiarrthóirí áirithe eile.

Is iad seo a leanas achoimrí ar thrí chás den sórt sin a ndearna an Coimisiún breithniú orthu:

- Rinne roinnt daoine teagmháil le CCSP chun ábhair imní a chur in iúl faoin dóigh ar eagraíodh boird agallaimh le haghaidh próiseas inmheánach earcaíochta lenar bhain líon ard iarrthóirí. Bhí siad den tuairim go gcuirí na próisis cheapacháin i mbaol nó go mbeadh siad míchothrom mar nach raibh dóthain cúraim á tabhairt ag an Eagraíocht is Earcaitheoir chun a chinntiú nach mbeadh bainisteoirí ag cur agallamh ar iarrthóirí a bhí ag tuairisciú dóibh. Bhí imní ar roinnt de na daoine a rinne teagmháil le CCSP gur dhóigh go ndéanfadh an bhaint idir an bainisteoir líne agus an t-iarrthóir dochar d'iarratas an iarrthóra. Bhí formhór díobh den tuairim, áfach, gur dhóichí fós go bhféachfadh bainisteoirí líne le tionchar a imirt ar an bpróiseas roghnúcháin chun tairbhe dá mball foirne féin.

Mar fhreagra air sin, chuir an Eagraíocht is Earcaitheoir in iúl gurbh eol di gur oibrigh roinnt mhaith ball dá bhord roghnúcháin le cuid mhór de na hiarrthóirí cheana féin. Mhínigh sí freisin nach bhféadfaí, mar gheall ar chineál na heagraíochta, próiseas a eagrú nach gcuirí roinnt iarrthóirí ar a laghad faoi réir agallaimh ag a mbainisteoirí líne reatha nó roimhe lena linn. In ionad iarracht a dhéanamh cásanna dosheachanta den sórt sin a sheachaint, rinne an Eagraíocht is Earcaitheoir iarracht iad a bhainistiú. Agus leas á bhaint aici as comhairle a fuair sí ón tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí (SCP) agus ó dhaoine eile, dúirt an eagraíocht go dtugann sí treoir do gach ball de bhoird a insint do na baill eile den bhord cé na hiarrthóirí a bhfuil aithne acu orthu. Luaigh sí freisin gurb é an treoir sháraitheach a thugann sí do gach ball den bhord ná go bhfuiltear ag súil go measúnóidh siad iarrthóirí ar bhealach cothrom comhsheasmhach, agus aird á tabhairt acu ar na critéir oibiachtúla atá ábhartha don phost agus ar an bhfianaise arna cur i láthair le linn an phróisis cheapacháin. Cé go réachtálfadh an bord roghnúcháin na hagallaimh ar

bhealach comhsheasmhach, beidh baill den bhord a bhfuil aithne acu ar an iarrthóir i gceist ar na daoine deiridh a thabharfaidh tuairim ar fheidhmíocht an iarrthóra sin san agallamh.

Glacann CCSP leis go mbíonn sé an-deacair in amanna baint a sheachaint idir baill de bhoird agus iarrthóirí san eagraíocht seo agus ina lán eagraíochtaí eile. Thug sé faoi deara go bhfuil bearta maolaithe i bhfeidhm chun an tionchar ar an bpróiseas roghnúcháin a d'fhéadfadh eascairt as an mbaint sin a laghdú. Thug an Coimisiún faoi deara freisin go raibh taifead cuí ann ar na nósanna imeachta sin i dtreoir agallaimh a eisíodh chuig baill de bhoird roghnúcháin agus gur tagraíodh dóibh sa chruinniú faisnéise réamhagallaimh.

Mar sin féin, ar mhaithe le hoscailteacht agus le trédhearcacht, agus mar thoradh ar an dearcadh atá ag iarrthóirí agus ag daoine eile laistigh den eagraíocht go bhfuil fadhb ann maidir leis an mbaint atá ann idir baill de bhoird roghnúcháin agus iarrthóirí, mhol CCSP gur cheart don Eagraíocht is Earcaitheoir sin, i gcás próisis chosúla sa todhcháí, sceideal a choimeád ina leagtar amach cé na baill a dhearbhaigh go raibh aithne orthu ar iarrthóir ar leith agus ina ndeimhnítear gur leanadh an prótacal caighdeánach nó na rialacha iompair dá dtagraítear ina treoir agallaimh a chur ar áireamh ina cuid doiciméad ar an bpróiseas.

- ii. Rinne iarrthóir teagmháil le CCSP chun gearán a dhéanamh nárbh eol di roimh ré gurb í iarmhaoirseoir dá cuid – duine a liostaigh sí mar dhuine dá moltóirí – a chuirfeadh faoi agallamh í. Sa phróiseas ceapacháin sin, d'iarr an Eagraíocht is Earcaitheoir teistiméireachtaí roimh na hagallaimh agus chuir siad iad i láthair na mball den bhord agallaimh.

Ós rud é gur chuig post an-sinsearach i réimse an-speisialaithe a bhí an ceapachán, thug CCSP faoi deara go mbeadh sé an-doiligh bord agallaimh a chur le chéile nach mbeadh aithne ag duine dá bhaill ar roinnt de na hiarrthóirí a bhí lonnaithe in Éirinn nó nach mbeadh obair déanta acu leis na hiarrthóirí sin ag am éigin ina ngairm.

Ina ainneoin sin, dúirt CCSP go bhfuil dualgas freagrachta ar Eagraíochtaí is Earcaitheoirí cosaintí a bheith i bhfeidhm acu chun ionracas agus bailíocht an phróisis ceapacháin a chosaint agus chun tacú le meastóireacht oibiachtúil, chothrom agus chomhsheasmhach a dhéanamh ar iarrthóirí. Mhol an Coimisiún go roghnódh an Eagraíocht is Earcaitheoir cleachtóir sinsearach ó áit lasmuigh d'Éirinn chun suí ar an mbord agallaimh. Tá sé den tuairim go mbíonn an cur chuige sin an-chabhrach maidir le muinín a mhéadú as an gcóras ceapacháin. Ghlac sé leis gur dóigh go gcabhróidh na cosaintí leis an Eagraíocht is Earcaitheoir bainistiú a dhéanamh, agus ní seachaint a dhéanamh, ar na fadhbanna a d'fhéadfadh eascairt as aithne a bheith ag baill de bhoird roghnúcháin ar iarrthóirí nó le hobair a bheith déanta acu le hiarrthóirí. Chuir CCSP in iúl gur cheart don Eagraíocht is Earcaitheoir, ar a laghad ar bith, iarraidh ar bhaill de bhoird roghnúcháin a dhearbhuí cé hiad na

hiarrthóirí a bhfuil aithne acu orthu agus taifead a choinneáil ar an mbaint sin.

Thuig CCSP míshuaimhneas an iarrthóra go raibh duine dá moltóirí ina bhall den bhord roghnúcháin freisin. B'eol dó freisin gur ghníomhaigh baill de bhoird agallaimh den chineál céanna mar mholtóirí d'iarrthóirí san am atá thart freisin. Cé gur aithin CCSP go bhféadfadh nárbh eol don bhall den bhord agallaimh, in éagmais treoir shoiléir ón Eagraíocht is Earcaitheoir, conas déileáil leis an iarraidh teistiméireacht a chur ar fáil, tá sé den tuairim gur cheart don bhall den bhord agallaimh aird na hEagraíochta is Earcaitheoir a tharraingt ar an ábhar sin roimh an agallamh agus treoir a iarraidh ina leith.

Mhol CCSP don Eagraíocht is Earcaitheoir athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas atá ar bun aige gan ainm na mball dá boird roghnúcháin a chur ar fáil d'iarrthóirí. (Thug sé faoi deara gur athraigh an Eagraíocht is Earcaitheoir a cleachtas chuige sin agus go raibh sé ag cur ainm na mball den bhord ar fáil d'iarrthóirí roimh na hagallaimh.) Mhol sé freisin go ndéanfadh an Eagraíocht is Earcaitheoir gach beart is féidir chun a chinntiú nach moltóirí do dhuine ar bith de na hiarrthóirí iad baill de bhoird agallaimh.

- iii. Rinne iarrthóir teagmháil le CCSP chun a rá gur chreid sé gur chaith bord agallaimh go héagórach leis. Bhí imní air go raibh baint ag ball amháin den bhord le hathbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar thionscadal ar oibrigh an t-iarrthóir air. Bheadh eolas maith ag ball eile den bhord agallaimh ar thuarascáil na foirne athbhreithnithe sheachtraigh de bhua an phoist a bhí ag an mball sin. Chreid an t-iarrthóir gur bhain an bheirt bhall den bhord leas as an eolas roimhe a bhí acu ar a chuid oibre nuair a bhí siad á cheistiú agus á mheas. Chreid sé gurbh éagórach a bhí roinnt de na conclúidí ar tháinig an fhoireann athbhreithnithe orthu agus go ndearna an bheirt bhall den bhord leatrom air nuair a bhí siad á cheistiú faoi ábhar a bhain leis an athbhreithniú.

Toisc gur sainról sinsearach é sin, thuig CCSP go raibh sé dosheachanta go mbeadh aithne ag cuid mhór de na baill fhéideartha den bhord agallaimh ar go leor de na hiarrthóirí a bhí lonnaithe in Éirinn. Mar gheall ar chineál a chuid oibre, bhí taithí ag ball amháin den bhord ar shaothar go leor de na hiarrthóirí sin. Thug an Coimisiún faoi deara go ndearna an t-iarrthóir é féin tagairt ina iarratas don chlár oibre a bhí faoi réir athbhreithnithe agus don obair a rinne sé leis an bhfoireann athbhreithnithe. Thug sé faoi deara gur fabhrach leis an iarrthóir ar an iomlán a bhí tuairimí na mball den bhord agallaimh agus na conclúidí ar tháinig an fhoireann athbhreithnithe orthu. Sa deireadh, ba é cinneadh CCSP go mbeadh sé míchuí agus míchothrom mura dtabharfadh an bord roghnúcháin deis don ghearánach labhairt faoin mórshaothar sin ar tharraing sé an-aird air ina iarratas.

Tháinig CCSP ar an gconclúid:

- Go ndearnadh roghnú na mball den bhord agallaimh de réir an phróisis chaighdeánaigh a úsáideann an Eagraíocht is Earcaitheoir do cheapacháin chuig poist ghairmiúla shinsearacha.
- Go raibh cosaintí i bhfeidhm chun próiseas comhsheasmhach trédhearcach roghnúcháin a chinntiú. Áiríodh leo sin plé a dhéanamh roimh na hagallaimh ar riachtanais an ról, ar réimsí inghlactha ceistiúcháin a bheith bunaithe ar chritéir chomhaontaithe a bhain leis an bpost agus ar scríbhneoir nótaí a bheith i láthair chun cinntí a rinneadh le linn an phróisis a thaifeadadh agus chun dearbhú a thabhairt gur caitheadh leis na hiarrthóirí uile ar bhealach cothrom.
- Go raibh sé cuí go hiomlán gur chuir an bord agallaimh ceisteanna ar an iarrthóir faoin bhfaisnéis a chuir sé ar áireamh ina fhoirm iarratais.

d. Gearrliostú a bhainistiú

Fuair an Coimisiún roinnt gearán maidir leis an dóigh a ndearna boird roghnúcháin meastóireacht ar iarrthóirí le linn próiseas gearrliostaithe.

Bhí siad seo a leanas i measc na saincheisteanna a tharraing gearánaigh anuas:-

- Níor léiríodh cineál an ról go leordhóthanach leis na critéir roghnúcháin a chuir an bord i bhfeidhm.
- Bhí an bord roghnúcháin éagórach agus neamh-chomhsheasmhach agus cinntí á ndéanamh aige agus níor thug sé sách airde ar a raibh in iarratas an iarrthóra.
- Níor léiríodh scileanna an iarrthóra leis na scóir a bhronn an bord roghnúcháin air/uirthi.
- Níor tugadh míniú ceart san aiseolas a cuireadh ar fáil ar an mbunús leis an gcinneadh a rinneadh.
- Seachas athbhreithniú a dhéanamh ar iarratas an iarrthóra i bhfianaise na gcritéar oibiachtúil, rinne an bord roghnúcháin iarratas an iarrthóra a thagarmharcáil in aghaidh iarratas na n-iarrthóirí eile.
- Ní raibh aon “mhéadracht oibiachtúil” ar fáil chun tacú leis an dóigh a ndearna an bord roghnúcháin a mheastóireacht ar na hiarrthóirí ar ról (mar shampla, comparáid idir spriocanna táirgthe nó leibhéil freastail iarrthóirí nó aon chritéir intomhaiste eile).

Agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar na gearáin sin agus ar ghearáin eile, déanann an Coimisiún scrúdú ar an raon cosaintí a úsáideann Eagraíochtaí is Earcaitheoirí chun tacú le meastóireacht atá cothrom, comhsheasmhach agus oibiachtúil a dhéanamh ar iarrthóirí.

1. Sonraíocht faoin bpost agus faoin bpearsa

Measann an Coimisiún gur cuid dhílis de gach próiseas ceapacháin is ea cur síos ar an bpost agus sonraíocht faoin bpearsa atá ullmhaithe go cuí a bheith ann. Tá sé ag súil leis gur ullmhaigh Eagraíochtaí is Earcaitheoirí cur síos faoin bpost agus sonraíocht faoin bpearsa atá sách láidir agus ina sainaithnítear dualgais agus freagrachtaí an phoist agus an t-eolas, an taithí, na scileanna agus na tréithe pearsanta a theastaíonn. Tástálfar iarrthóirí de réir an chuir síos ar an bpost agus na sonraíochta faoin bpearsa le linn an phróisis roghnúcháin agus an phróisis cheapacháin.

Agus scrúdú á dhéanamh aige ar ghearáin, cuireann CCSP na ceisteanna seo a leanas ar an Eagraíocht is Earcaitheoir: (i) cén uair a ullmhaíodh an cur síos ar an bpost agus an tsonraíocht faoin bpearsa agus conas a ullmhaíodh iad, (ii) cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh iad a athbhreithniú nó a nuashonrú le déanaí, agus (iii) conas a rinneadh an cur síos ar an bpost agus an tsonraíocht faoin bpearsa a bhreithniú agus a cheadú. Díríonn an Coimisiún go príomha ar an gceist maidir le cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an cur síos ar an bpost agus an tsonraíocht faoin bpearsa a cheadú ag leibhéal sinsearach cuí. Féachann sé freisin lena chinntiú nach bhfuil an tsonraíocht faoin bpearsa teorantach go

míchuí agus nach gcuirtear iarrthóirí atá in ann dualgais an ról a chomhlíonadh as an áireamh léi.

2. Critéir roghnúcháin

Aithníonn an Coimisiún go mbíonn sé an-deacair in amanna meastóireacht a dhéanamh ar iarrthóirí de réir gach ceann de na gnéithe difriúla den chur síos ar an bpost agus den tsonraíocht faoin bpearsa. Ní mór don bhord roghnúcháin díriú ar chúig cinn nó sé cinn de chritéir thábhachtacha, go háirithe nuair a bhíonn sé ag gearrliostú daoine ó líon mór iarrthóirí. Tá an Coimisiún ag súil leis go mbíonn na critéir ghearrliostaithe soiléir agus fiúntach ionas go dtugtar modh láidir leo chun idirdhealú a dhéanamh idir na hiarrthóirí lena mbaineann an dóchúlacht is mó go n-éireodh leo sa ról agus na hiarrthóirí nach bhfuil chomh hoiriúnach céanna dó.

Agus athbhreithniú á dhéanamh aige ar na critéir roghnúcháin a úsáidtear i gcéim an ghearrliostaithe, seiceálann an Coimisiún go bhfuil na critéir ag teacht le príomhghnéithe den chur síos ar an bpost agus den tsonraíocht faoin bpearsa.

Tá an Coimisiún ag súil leis go gcuirfidh an eagraíocht is earcaitheoir dréachtchritéir faoi bhráid an bhoird roghnúcháin. Aithníonn sé go ndéanfaidh an bord roghnúcháin, i gcásanna áirithe, roinnt coigeartuithe ar na critéir tar éis dó réamhdhíospóireacht a dhéanamh ar éilimh an ról.

Roinnt uaireanta roimhe seo, cháin CCSP Eagraíochtaí is Earcaitheoirí as critéir incháilitheachta a leagan síos nach bhfuil ábharthacht shoiléir acu do riachtanais an ról (e.g. leibhéal níos airde cáilíochta acadúla nó gairmiúla) d'fhonn an bhuíon iarrthóirí a laghdú go líon níos soláimhsithe. Creideann an Coimisiún go láidir go bhfreastalaítear ar leas an phobail ar an mbealach is fearr sna cásanna sin ina gcuireann earcaitheoirí critéir i bhfeidhm atá cothrom, oibiachtúil agus ábhartha don phost agus lena gcumasaítear dóibh na hiarrthóirí is fearr a roghnú ón mbuíon is leithne is féidir.

Cháin an Coimisiún eagraíocht ar leith freisin sa chás gur chinn an bord roghnúcháin neamhaird a thabhairt ar ghné lárnach de na critéir ghearrliostaithe maidir leis an tsonraíocht fhoilsithe faoin bpearsa. Sa chás sin, chinn an bord roghnúcháin critéir dá chuid féin a chur i bhfeidhm.

3. Ballraíocht den bhord roghnúcháin

Mar gheall ar an bhfreagracht shuntasach a leagtar ar na baill de bhoird roghnúcháin, tá sé ríthábhachtach go mbíonn an eagraíocht is earcaitheoir cúramach agus í ag roghnú daoine ag a bhfuil an t-eolas agus an taithí a theastaíonn agus ina bhfuil an breithiúnas a theastaíonn chun meastóireacht a dhéanamh ar iarrthóirí ar ról. Agus scrúdú á dhéanamh aige ar an mballraíocht den bhord roghnúcháin, fiosróidh an Coimisiún cé na bearta a rinneadh chun a chinntiú go raibh na scileanna riachtanacha ag an mbord ina iomláine, lena n-áirítear cáilíochtaí ábhartha agus saineolas gairmiúil, chun tástáil agus meastóireacht a dhéanamh ar iarrthóirí maidir lena oiriúnaí a bhí siad don ról.

4. Baint a Bhainistiú idir Baill den Bhord Roghnúcháin agus Iarrthóirí

féach an nóta ar leith sa Chásleabhar maidir le coinbhleachtaí leasa féideartha a bhainistiú do bhaill de bhoird agallaimh.

5. Próiseas roghnúcháin

Tá an Coimisiún ag súil leis go ndéanann an eagraíocht is earcaitheoir an próiseas ceapacháin a phleanáil roimh ré. Ba cheart aird a thabhairt sa phleanáil sin ar an líon iarrthóirí ar dóigh dóibh iarratas a dhéanamh ar an bpost agus ar an gceist maidir le cé acu a bheidh nó nach mbeidh céim réamhscagtha nó gearrliostaithe ag teastáil.

Sa chás go n-úsáidfeadh gearrliostú, tá CCSP ag súil leis go ndéanfaidh an eagraíocht is earcaitheoir breithniú ar conas a dhéanfaidh sí meastóireacht chothrom chomhsheasmhach ar iarrthóirí. Cé gur minic a iarrtar ar iarrthóirí a CV a chur isteach mar thaca lena n-iarratas, baineann a lán earcaitheoirí sa tSeirbhís Phoiblí leas as foirm iarratais struchtúrtha ina n-iarrtar ar iarrthóirí aird a tharraingt ar shamplaí de chásanna inar chomhlíon siad na cúig cinn nó sé cinn de phríomhchritéir ina ngairm go dtí seo.

Chuir comhlachtaí is earcaitheoirí in iúl don Choimisiún go dtugtar iarratais iarrthóirí don bhord roghnúcháin roinnt laethanta roimh an gcruinniú gearrliostaithe agus go mbíonn an cur síos ar an bpost agus an tsonraíocht faoin bpearsa, critéir ghearrliostaithe agus faisnéis faoi conas a reáchtálfar an próiseas roghnúcháin ag gabháil leis na hiarratais sin. Iarrtar ar bhaill den bhord roghnúcháin staidéar a dhéanamh ar na foirmeacha iarratais roimh ré ionas go mbeidh siad ullamh don chruinniú gearrliostaithe.

Tuigeann an Coimisiún freisin, sa chás gur cuireadh na hiarratais ar fáil do na baill den bhord gearrliostaithe agus go ndearna siad staidéar orthu roimh an gcruinniú gearrliostaithe, gur minic is féidir leo iarrthóirí a scaradh go measartha tapa ina gcatagóirí amhail “na hiarrthóirí lena mbaineann an dóchúlacht is mó go mbainfidís caighdeán iomaíoch amach san agallamh”; “na hiarrthóirí lena mbaineann an dóchúlacht is lú go mbainfidís caighdeán iomaíoch amach san agallamh”; agus “na hiarrthóirí ar fiú tuilleadh breithnithe a dhéanamh orthu”. Tuigeann sé freisin go mbíonn díriú sna cruinnithe gearrliostaithe ar iarratais atá sa tríú catagóir sin.

Ba cheart do bhoird roghnúcháin am a thógáil freisin chun measúnú a dhéanamh ar iarratais nach raibh siad cinnte fúthu nó nach raibh siad ar aon ghuth fúthu tar éis a n-athbhreithnithe tosaigh.

Beag beann ar an gcatagóir a bhfuil an t-iarrthóir inti, measann CCSP go dtuilleann iarrthóirí meastóireacht chúí a fháil ar a n-iarratas mar gheall ar an am a chaith siad ar a n-iarratas a ullmhú agus a chur isteach. Ba cheart aiseolas soiléir fiúntach a chur ar fáil do gach iarrthóir, aiseolas ina léirítear conas a rinne an bord meastóireacht ar a n-iarratas agus ina léirítear cé na critéir nár fheidhmigh an t-iarrthóir chomh maith agus a d'fheidhmigh na hiarrthóirí sin ar tugadh cuireadh dóibh dul ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas ceapacháin iontu. Tá an Coimisiún ag súil leis go míneoidh

Eagraíochtaí is Earcaitheoirí an cinneadh ar thángthas air ach ní éilíonn sé orthu comhairle forbartha gairme a chur ar fáil d'iarrthóirí nár éirigh leo.

Glacann an Coimisiún leis nach léireoidh an líon iarrthóirí ar tugadh cuireadh dóibh agallamh a dhéanamh feidhmíocht na n-iarrthóirí i dtaca leis na critéir amháin agus go léireoidh sé freisin láidreacht fhoriomlán na buíne iarrthóirí. Toisc go mbíonn gearrliostú ina phróiseas iomaíoch go minic, tuigeann CCSP nach i gcomparáid leis na critéir roghnúcháin amháin a bhreithneofar iarratais agus go dtomhaisfear iad in aghaidh iarratas ó iarrthóirí eile freisin.

6. Scéim mharcála

Glacann an Coimisiún leis go mbíonn sé dúshlánach tomhais bheachta eimpíreacha a chur i bhfeidhm agus meastóireacht á déanamh ar iarratas scríofa ó iarrthóir. Measann sé, áfach, gur féidir scéim mharcála a úsáid chun cabhrú lena thaispeáint d'iarrthóirí conas a rinne an bord roghnúcháin meastóireacht ar a n-iarratas. Is féidir le húsáid na scéime marcála boird roghnúcháin a spreagadh ardleibhéal smachta agus déine a chur i bhfeidhm agus meastóireacht á déanamh acu ar iarrthóirí freisin.

7. Aiseolas – féach an nóta ar leith sa Chásleabhar maidir le haiseolas

e. Breithiúnas agus cinnteoireacht na mbord roghnúcháin

Rinne an Coimisiún breithniú ar roinnt gearán faoi rannán 8 den Chód Cleachtais ó dhaoine aonair a bhí den tuairim nár thug an bord roghnúcháin aird chuí ar an bhfaisnéis a cuireadh i láthair le linn an phróisis roghnúcháin.

Chaith an Coimisiún le gach gearán de réir a fhiúntais féin. Ina theannta sin, bhreithnigh sé na cosaintí ar úsáid na Sealbhóirí Oifige iad chun tacú le meastóireacht a dhéanamh ar iarrthóirí ar bhealach oibiachtúil neamhchlaon agus le hais riachtanais shonracha an ról. Mar sin féin, b'ann do roinnt téamaí a tháinig chun cinn arís is arís eile i dtaca le freagraí an Choimisiúin ar an-chuid de na gearáin sin.

I roinnt de na tuarascálacha uaidh ar na gearáin sin, leag an Coimisiún amach nach neamhghnách go mbíonn tuairimí fiordhifriúla ag iarrthóirí agus ag baill de bhord agallamh faoin aon agallamh amháin. Thug sé dá aire gurbh amhlaidh go raibh iarrthóirí in ann a chuimhneamh le méideanna difriúla cruinnis cé na ceisteanna a cuireadh orthu san agallamh agus cé na freagraí a thug siad ar na ceisteanna sin, cé nach raibh siad chomh cumasach sin go minic a dhéanamh amach cé chomh maith a thaispeáin siad a n-oiriúnacht don ról nó cé chomh maith a chuir siad iad féin chun tosaigh san agallamh i gcomparáid le hiarrthóirí eile.

Tar éis dó na gearáin a mheas, ba é an chonclúid ba choitianta ar tháinig an Coimisiún uirthi ná nárbh fhéidir leisean, ná le hathbhreithnitheoir ar bith eile, na ceisteanna a chuir bord agallamh ar iarrthóir agus an mheastóireacht a rinne sé air/uirthi a dhíthógáil agus a atógáil bunaithe ar (i) chuimhne na n-iarrthóirí agus na mball den bhord ar imeachtaí agus (ii) scrúdú a rinneadh ar na nótaí agallamh. Ghlac an Coimisiún leis nach mór cinneadh an bhoird roghnúcháin a bheith bunaithe ar mheasúnú ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarrthóir i láthair lá an agallamh. Ghlac sé leis freisin i roinnt de na tuarascálacha sin nach féidir le bord roghnúcháin marcanna a bhronnadh ar iarrthóir ar bhonn cháilíochtaí agus thaithí an iarrthóra amháin agus, ina ionad sin, nach mór don iarrthóir a thaispeáint cén tairbhe a ghnóthaigh sé/sí as a c(h)áilíochtaí agus a t(h)aithí agus conas a bheidh sé/sí in ann leas a bhaint as na cáilíochtaí agus an taithí sin sa ról.

Agus na hargóintí a chuir na gearánaigh i láthair agus an argóint a chuir an tEarcaitheoir i láthair á meas aige, glacann an Coimisiún leis go bhfuil an chuma ar an scéal go raibh an t-eolas, an taithí agus na scileanna ábhartha ag na boird roghnúcháin chun iarrthóirí a mheas le hais riachtanais an ról. Thug sé faoi deara gur léiríodh sna doiciméid a chuir an tEarcaitheoir ar fáil gur cuireadh oiliúint i scileanna agallóireachta ar na baill den bhord roghnúcháin; gur cuireadh treoir chuimsitheach agallamh ar fáil dóibh inar leagadh amach conas ba cheart don bhord agallamh na hiarrthóirí a cheistiú agus a mheas; gur tháinig siad le chéile roimh an gcéad agallamh agus gur tugadh faisnéis chuí dóibh faoina raibh sa treoir sin. Dá bhrí sin, bhí an Coimisiún den tuairim go raibh an bord roghnúcháin in ann an fhianaise a chuir an Gearánach agus iarrthóirí eile i láthair a bhreithniú agus measúnú oibiachtúil a dhéanamh ar an dóigh ar éirigh leis san agallamh.

f. Aiseolas a sholáthar d'iarrthóirí

Leagtar amach sa Chód Cleachtais an t-ionchas atá ag CCSP:

- Go gcuirtear aiseolas atá soiléir, sonrach agus fiúntach ar fáil nuair a iarrann iarrthóirí é.
- Go bhfuil córais éifeachtacha i bhfeidhm chun an fheidhm aiseolais a bhainistiú.

Fuair CCSP roinnt gearán ina léirítear an ról tábhachtach a imríonn aiseolas i muinín a chothú as ionracas agus as bailíocht an phróisis roghnúcháin.

Ní mór d'Eagraíochtaí is Earcaitheoirí bheith in ann aiseolas sonrach fiúntach a chur ar fáil d'iarrthóirí ag deireadh an phróisis roghnúcháin ionas gur féidir le hiarrthóirí an cinneadh ar thángthas air i dtaca lena n-iarratas a thuiscint. In éagmais aiseolas dea-cháilíochta, d'fhéadfaí an bonn a bhaint den mhuintín as an gcóras roghnúcháin agus as an gcóras ceapacháin.

Tuigeann CCSP go gcaitheann formhór mór na n-iarrthóirí an-chuid ama, fuinnimh agus mothúcháin agus iad ag ullmhú a n-iarratais agus á réiteach féin don agallamh. I roinnt cásanna inar iarr iarrthóirí aiseolas, fuair siad tráchttaireacht theoranta agus réasúnta cineálach nach dtugtar ach léargas beag, más ann ar chor ar bith, ar conas a measadh iad. Tuigeann CCSP frustrachas an iarrthóra agus chuir sé i gcuimhne do na hEagraíochtaí is Earcaitheoirí sna cásanna sin an dualgas atá orthu aiseolas sonrach fiúntach a chur ar fáil ina mínítear an cinneadh a rinneadh le linn an phróisis cheapacháin. Anuas air sin, mhol an Coimisiún gur cheart oiliúint chuí agus/nó faisnéis chuí a thabhairt do bhaill den bhord roghnúcháin ionas go dtuigeann siad gach a bhfuiltear ag súil leis uathu ó thaobh aiseolas den sórt sin a chur ar fáil de. Measann sé nach é amháin go dtagraítear do cheann amháin nó níos mó de na príomhchritéir nó na réimsí inniúlachta i ndea-nótaí aiseolais, ach go leagtar béim iontu freisin ar ghnéithe d'iarratas nó agallamh an iarrthóra nár thaispeáin sé/sí an inniúlacht sin de réir an chaighdeáin riachtanaigh ná de réir an chaighdeáin a thaispeáin iarrthóirí eile iontu.

Mar sin féin, fuair CCSP gearáin ó líon beag iarrthóirí a bhí ag iarraidh i bhfad níos mó ná míniú simplí ar an gcinneadh ar thángthas air maidir lena n-iarrthóireacht, mar atá comhairle maidir le conas a d'fhéadfadh siad iad féin a ullmhú le haghaidh próisis cheapacháin sa todhchaí. Tar éis dó scrúdú a dhéanamh ar na gearáin sin, is mian le CCSP a shoiléiriú gurb é cuspóir an phróisis cheapacháin an t-iarrthóir is fearr don ról a roghnú agus nach bhfuil ceangal ar an mbord roghnúcháin gairmthreoir a chur ar fáil d'iarrthóirí nár éirigh leo. Cé gurb é atá sa dualgas atá ar an Eagraíocht is Earcaitheoir ná aiseolas soiléir fiúntach a chur ar fáil, tá CCSP den tuairim gur cheart d'iarrthóir ar mian leis foghlaim óna rannpháirtíocht i bpróiseas ceapacháin machnamh ionraic oibiachtúil a dhéanamh ar na ceisteanna a cuireadh air in agallamh agus breithmheas a dhéanamh ar an imprisean a rinne sé ar an mbord roghnúcháin.

Thug CCSP moladh do roinnt Eagraíochtaí is Earcaitheoirí a d'eagraigh cruinnithe duine le duine idir iarrthóirí agus ball dá mbord roghnúcháin chun aiseolas sonracha a thabhairt do na hiarrthóirí. Ba tar éis próisis inmheánacha roghnúcháin den chuid ba mhó a cuireadh na cruinnithe sin ar siúl. Tuigeann CCSP go bhféadfadh gur mhaith le fostóir dul i dteagmháil lena iarrthóirí inmheánacha tar éis próiseas roghnúcháin. Mar sin féin, tá sé den tuairim gur mó a bhaineann na cruinnithe le gnáthchaidreamh fostaithe. Dá bhrí sin, measann sé de ghnáth nach bhfuil siad ina gcuid den phróiseas ceapacháin agus ní chlúdaítear iad leis an gCód Cleachtais. Aithníonn an Coimisiún nach féidir de ghnáth na cruinnithe sin a eagrú le haghaidh iarrthóirí seachtracha, go háirithe má tá líon ard iarrthóirí i gceist. I gcásanna ina mbainistítear na cruinnithe i gceart agus ina mbíonn iarrthóirí sásta glacadh le léirmheastóireacht chuiditheach, aithníonn CCSP go soláthraíonn an cur chuige forásach sin deis luachmhar d'iarrthóirí nár éirigh leo tuiscint níos fearr a ghnóthú ar an dóigh ar measúnaíodh iad i gcoibhneas le daoine a ceapadh.

I gcásanna áirithe, ba ar bhealach fánóideach a cuireadh aiseolas ar fáil d'iarrthóirí. Bhí an chiall a bhain roinnt iarrthóirí as an aiseolas bunoscionn lena fhéach an ball den bhord lena chur in iúl. I gcásanna eile, tugadh cead do na hiarrthóirí labhairt le baill dhifriúla den bhord ag amanna difriúla agus d'éist siad le teachtaireachtaí difriúla. Ní mholtar an cleachtas sin agus níl sé ina léiriú ar an dea-chleachtas.

Molann CCSP go mbeadh córas aiseolais a chomhordaítear go lárnach agus a dhoiciméadaítear go cuí i bhfeidhm ag Eagraíochtaí is Earcaitheoirí. I gcásanna ina gcuirtear aiseolas ó bhéal ar fáil, ba cheart nóta tráchta achoimre atá scríofa go soiléir agus ar chomhaontaigh an bord roghnúcháin é a bheith ag gabháil leis.

Mar chonclúid, measann CCSP nach mór d'Eagraíochtaí is Earcaitheoirí sonraí a choimeád faoi fheidhmíocht na n-iarrthóirí le linn na bpróiseas roghnúcháin agus ceapacháin agus nach mór dóibh bheith ábalta brath ar a dtaifid earcaíochta chun an bealach inar measúnaíodh feidhmíocht an iarrthóra a mhíniú.

g. Teistiméireachtaí a sheiceáil

Leagtar amach sa Chód Cleachtais an t-ionchas atá ag CCSP nach mór na nithe seo a leanas a bheith inchurtha i leith iarrthóirí:

- an t-eolas agus an cumas a bheith acu dualgais an phoist a chomhlíonadh,
- carachtar oiriúnach a bheith acu don ról, agus
- bheith oiriúnach ar gach bealach ábhartha eile dá gceapadh chuig an bpost.

Tá CCSP ag súil go ndéanfaidh Eagraíocht is Earcaitheoir fiosruithe chun í féin a shásamh go bhfuil na hiarrthóirí a n-éiríonn leo incháilithe agus oiriúnach dá gceapadh. I gcás go dtagann saincheist chun cinn le linn próiseas ceapacháin a bhfuil mar thoradh uirthi go gcuirtear oiriúnacht an iarrthóra dá c(h)eapadh in amhras, tá CCSP ag súil go dtabharfaidh an Eagraíocht is Earcaitheoir aghaidh ar na húdair amhrais sin le linn na céime seiceála teistiméireachta roimh di ceapachán a dhéanamh.

Rinne iarrthóir teagmháil le CCSP chun gearán a dhéanamh gur séanadh post air mar gheall ar nósanna imeachta um sheiceáil teistiméireachtaí a bhí éagórach agus dochrach.

Fuair an Coimisiún amach gur éirigh leis an iarrthóir ag an agallamh agus gur cuireadh in iúl dó go raibh sé á bhreithniú don phost. Sa litir a fuair sé ón Eagraíocht is Earcaitheoir, luadh go raibh a cheapachán ag brath ar theistiméireachtaí sásúla a bheith faighte aici. Fuair an Eagraíocht is Earcaitheoir trí theistiméireacht ansin. D'oibrigh beirt de na moltóirí ag leibhéal shinsearacha laistigh den Eagraíocht, ach ní raibh freagracht dhíreach bhainistíochta líne ar dhuine ar bith díobh as an iarrthóir. D'oibrigh an tríú moltóir mar bhainisteoir líne aige roimhe sin. Cé go bhfuarthas teistiméireachtaí sásúla ón gcéad bheirt mholtóirí, chuir iarbhainisteoir líne an iarrthóra teistiméireacht dhiúltach ar fáil.

Chuir an Eagraíocht is Earcaitheoir in iúl don iarrthóir nach bhféadfadh sí dul ar aghaidh lena cheapachán chuig an bpost mar nach bhfuair sí sraith shásúil teistiméireachtaí.

Sa ghearán a rinne sé chuig an gCoimisiún, thagair an t-iarrthóir do na teistiméireachtaí an-mhóltach a fuair sé ó na baill foirne shinsearacha san eagraíocht. D'admhaigh sé go bhfuair sé rabhadh ó bhéal roinnt blianta roimhe sin ón mbainisteoir líne a d'eisigh an tagairt mhíshásúil. D'argóin sé, áfach, gur sonraíodh sna nósanna imeachta araíonachta ábhartha nár cheart an tairfead ar an rabhadh sin a choinneáil ar a chomhad pearsanra ach amháin ar feadh tréimhse sé mhí agus nár cheart é sin a úsáid ina aghaidh sa phróiseas roghnúcháin dá bharr sin.

Chuir an Eagraíocht is Earcaitheoir na nithe seo a leanas in iúl do CCSP:

- Rinneadh an cinneadh gan an gearánach a cheapadh de bhun cáschruinnithe de chuid baill foirne shinsearacha, áit a ndearnadh breithniú ar a raibh sna trí theistiméireacht.
- Mar gheall ar chineál íogair an phoist, bhí sé riachtanach cur chuige ísealriosca a ghlacadh i leith ceapacháin a dhéanamh.

- Is gá do na daoine a cheapann sé chuig poist íogaire an t-eolas gairmiúil agus na scileanna gairmiúla a theastaíonn don ról a bheith acu mar aon leis na tréithe pearsanta agus leis an iompar a theastaíonn chun na caighdeáin agus na luachanna a bhfuiltear ag súil leo uathu a chomhlíonadh.
- Léirigh an cinneadh a rinneadh an beartas atá i bhfeidhm ag an eagraíocht tábhacht níos mó a thabhairt do theistiméireachtaí ó bhainisteoir líne an iarrthóra ná do theistiméireachtaí ó iarchomhghleacaithe eile an iarrthóra.

D'aithin CCSP an ról tábhachtach a imríonn seiceáil teistiméireachtaí sa phróiseas ceapacháin agus thuig sé riachtanas na hEagraíochta is Earcaitheoir gan an ceapachán a dhéanamh gan seiceáil chuí teistiméireachtaí a dhéanamh. D'aithin sé freisin cineál íogair na hoibre a bhí i gceist agus gur gá don Eagraíocht is Earcaitheoir bheith an-chúramach agus ceapacháin á ndéanamh aige. Mar sin féin, mar gheall ar an difear suntasach a rinne an cinneadh sin don ghearánach agus dá ionchais ghairme, chuir CCSP imní in iúl gur bunaithe ar thuairim duine aonair amháin a chinn an Eagraíocht is Earcaitheoir gan an gearánach a cheapadh – ar tuairim í a bhí ag teacht salach ar an tuairim a chuir moltóirí eile agus an bord roghnúcháin in iúl.

Tá an Coimisiún den tuairim go mbaineann rioscaí le cinneadh chomh tábhachtach sin a dhéanamh bunaithe ar thuairim duine aonair amháin mar gheall ar an scóip leathan a bhíonn ann do dhifríochtaí pearsanta. Ba chúis imní é dó nach raibh deis ag an ngearánach cur in aghaidh ábhar na teistiméireachta a chuir a iarbhainisteoir líne ar fáil ná é a bhréagnú, cé go bhfuair sé teistiméireachtaí dearfacha ó bheirt bhall foirne shinsearacha eile laistigh den aon eagraíocht amháin agus gurbh amhlaidh, i dtuairim an bhoird roghnúcháin, gur thuill sé ceapachán.

Dá dtabharfadh an Eagraíocht is Earcaitheoir deis don iarrthóir an teistiméireacht mhíshásúil a bhréagnú, d'fhéadfadh go mbeadh an gearánach in ann an fhaisnéis agus na tuairimí a chuir a iarbhainisteoir líne ar fáil a mhíniú.

Mar fhocal scoir, molann CCSP go dtabharfadh Eagraíochtaí is Earcaitheoirí deis d'iarrthóirí cur in aghaidh na faisnéise atá leagtha amach i dteistiméireacht dhiúltach nó í a bhréagnú i gcásanna ina bhfuil difríocht shoiléir ann sna tuairimí atá luaite i dteistiméireachtaí. Ba cheart an fhaisnéis sin agus an fhaisnéis atá sna teistiméireachtaí bunaidh a bheith breithnithe ag daoine atá cáilithe go cuí sula dtiocfar ar chinneadh deiridh. Tá an Coimisiún ag súil leis freisin go gcoimeádfaidh Eagraíochtaí is Earcaitheoirí miontaifid ar an bpróiseas cinnteoireachta.